# CINNEADH (AE) 2020/2139 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Nollaig 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile [1] ("an Comhaontú") le Cinneadh (AE) 2020/953 [2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 21 den Chomhaontú bunaítear coiste, atá comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha ("an Comhchoiste"), chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 21(3) den Chomhaontú foráiltear go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlí ag an gcinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste [3] a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a chuirtear ar bun le hAirteagal 21 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

[1] IO L 334, 6.12.2012, lch. 3.
[2] Cinneadh (AE) 2020/953 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212. 3.7.2020, lch. 12).
[3] Féach doiciméad ST 13481/20 ag http://register.consilium.europa.eu

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. KLOECKNER